Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**10920/20**

**MAMA 126**
**DEVGEN 121**
**MA 7**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9689/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2019 ón gCúirt Iniúchóirí dar teideal '*EU Support to Morocco - Limited results so far'* [Tacaíocht ón Aontas do Mharacó – Torthaí teoranta go dtí seo] |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2019 ón gCúirt Iniúchóirí dar teideal '*EU Support to Morocco - Limited results so far*' [Tacaíocht ón Aontas do Mharacó – Torthaí teoranta go dtí seo], faoi mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad an 21 Meán Fómhair, 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TUARASCÁIL SPEISIALTA UIMH. 09/2019 ÓN gCÚIRT INIÚCHÓIRÍ DAR TEIDEAL '*EU SUPPORT TO MOROCCO - LIMITED RESULTS SO FAR* [TACAÍOCHT ÓN AONTAS DO MHARACÓ – TORTHAÍ TEORANTA GO DTÍ SEO]**

1. Gabhann an Chomhairle buíochas le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as Tuarascáil Speisialta Uimh. 09/2019 'Tacaíocht ón Aontas do Mharacó', a foilsíodh an 11 Nollaig 2019.
2. Tugann an Chomhairle dá haire gur mheas Cúirt Iniúchóirí na hEorpa go ndearna an Coimisiún Eorpach anailís iomchuí riosca agus measúnú iomchuí ar riachtanais, ar ar a mbonn a mheas sí gurbh é an Tacaíocht Bhuiséadach an rogha cheart mar ionstraim seachadta cúnaimh le linn na tréimhse 2014-2018.
3. Tugann an Chomhairle aird faoi leith ar na moltaí a rinne an Chúirt maidir leis an líon mór earnálacha a chumhdaítear le comhar an Aontais maidir le tacaíocht bhuiséadach agus aontaíonn sí gur cheart tairbhí na tacaíochta buiséadaí a uasmhéadú go háirithe trína áirithiú go ndíreofaí níos mó den tacaíocht sin ar níos lú réimsí agus tríd an idirphlé agus an clársceidealú comhpháirteach idir na comhpháirtithe a neartú. Tugann an Chomhairle dá haire freisin conclúid na Cúirte maidir le breisluach na tacaíochta buiséadaí a cuireadh ar fáil idir 2014-2018 i Maracó agus maidir lena cumas tacaíocht a thabhairt le haghaidh athchóirithe. Is mór ag an gComhairle raon an-leathan na comhpháirtíochta idir an tAontas agus Maracó agus na huaillmhianta fadréimseacha atá sa chlár oibre athchóirithe atá á shaothrú ag údaráis Mharacó agus a thábhachtaí atá sé an intuarthacht agus an leanúnachas a choimeád maidir leis an gcomhar a bheidh ann idir an tAontas agus Maracó amach anseo.
4. Meabhraítear don Chomhairle na cúinsí ar leith a luadh sa Tuarascáil Speisialta agus a raibh tionchar acu ar an gcomhpháirtíocht idir an tAontas agus Maracó le linn an chreat ama a ndearnadh measúnú uirthi (2014-2018). De dheasca na gcúinsí sin, bhí dúshláin shonracha ann don chaidreamh déthaobhach, lena n-áirítear do ghnáth-imscaradh na n-oibríochtaí tacaíochta buiséadaí.
5. Measann an Chomhairle gur chuir an easpa idirphlé polaitiúil le linn an chuid is mó den tréimhse a bhí faoi athbhreithniú srian mór ar an stiúradh straitéiseach agus ar mhalartuithe idir na comhpháirtithe rud a d'fhág go ndearnadh difear d'éifeachtacht an idirphlé maidir le beartas earnála. I ndáil leis sin, ba cheart barúlacha na Cúirte a chur san áireamh mar is cuí don todhchaí, lena n-áirítear san ullmhúchán don chéad timthriall ilbhliantúil clársceidealaithe eile le go mbeadh na comhpháirtíochtaí níos éifeachtaí fós. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle do Mharacó, do SEGS agus don Choimisiún leanúint dá n-idirphlé ar cuireadh dlús leis le déanaí i gcomhthéacs nua na comhpháirtíochta athneartaithe idir an tAontas agus Maracó chun tacú leis an idirphlé maidir le beartas earnála agus chun go mbeifear in ann measúnú rialta a dhéanamh ar na tosaíochtaí oibríochtúla.

6. Maidir le moltaí na Cúirte i ndáil le cláir tacaíochta buiséadaí an Aontais, aontaíonn an Chomhairle le tuairim na Cúirte go bhfuil sé ríthábhachtach bá a bheith acu le Maracó agus teacht ar chomhaontú léi ar shaintáscairí soiléire feidhmíochta, dreasachtaí a chur ar fáil d'athchóirithe a bhunófar ar straitéisí iontaofa earnála, a chruthóidh nasc, a bheag nó a mhór, idir íocaíocht amach agus na táscairí sin a bheith á mbaint amach ar bhealach sásúil.

7. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé dlúthfhaireachán a dhéanamh ar oibríochtaí tacaíochta buiséadaí. Is mór aici go nglacann an Coimisiún leis na moltaí maidir le feabhas a chur ar na nósanna imeachta faireacháin, go háirithe trí threisiú leis an bhfaireachán ar tháscairí na straitéisí earnála. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun feabhas a chur ar chreataí faireacháin na straitéisí earnála.

8. Aithníonn an Chomhairle freisin go raibh an Coimisiún agus SEGS gníomhach ag iarraidh comhar Mharacó a áirithiú i gcur chun feidhme éifeachtach thacaíocht airgeadais an Aontais, agus iarrann sí ar údaráis Mharacó céimeanna sa bhreis a thógáil a chuirfidh le héifeachtúlacht bainistíochta agus chur chun feidhme thacaíocht airgeadais an Aontais tuilleadh.

9. Aithníonn an Chomhairle, mar a thug an Chúirt faoi deara, nár leor infheictheacht na tacaíochta ón Aontas le linn na tréimhse atá á hathbhreithniú, ar cuireadh dúshláin shonracha i láthair lena linn. Áitíonn sí ar an gCoimisiún agus ar Mharacó infheictheacht níos fearr na tacaíochta ón Aontas a áirithiú, mar léiriú ar an gcomhpháirtíocht athnuaite idir an tAontas agus Maracó.

10. Tugann an Chomhairle dá haire go háirithe an comhar agus an plé méadaitheach idir Cúirt Iniúchóirí Ríocht Mharacó agus a macasamhla Eorpacha, lena n-áirítear Cúirt an Aontais, agus molann sí dóibh an t-idirphlé eatarthu a chur chun cinn.

11. Mar a léirigh an Chúirt, tá comhordú níos dlúithe deontóirí ríthábhachtach chun cúnamh níos dírithe agus níos éifeachtúla a áirithiú, dúbláil a sheachaint agus sineirgí a chur chun cinn. I ndáil leis an méid sin, beidh tábhacht ar leith ag baint le dlús a chur le hiarrachtaí i dtreo clársceidealú comhpháirteach AE idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Cé go n-imríonn an tAontas páirt ghníomhach i gcomhordú foriomlán na ndeontóirí, tá sásra seanbhunaithe faoi stiúir Mharacó úsáideach agus ba cheart dó a chuid iarrachtaí a dhíriú ar na riachtanais is tábhachtaí atá ag Maracó.

12. Iarrann an Chomhairle ar SEGS, agus ar an gCoimisiún, chomh maith le Ballstáit aonair agus Maracó, na ceachtanna a foghlaimíodh a chur san áireamh agus barúlacha agus moltaí na Cúirte don todhchaí a ionchorprú. Tugann sí dá haire le sásamh an léiriú ón gCoimisiún go bhfuil na hiarrachtaí chun iad a chur chun feidhme á n-imscaradh cheana féin agus tá sí ag tnúth leis an tuarascáil ón gCoimisiún maidir lena gcur chun feidhme.

13. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil múnla forbartha náisiúnta athnuaite á cheapadh ag Maracó, a bhfuiltear ag súil leis freisin go dtabharfar aghaidh ann ar dhúshláin téarnaimh shocheacnamaíoch iar-COVID-19, agus lena bhféadfaí creat comhleanúnach a chur ar fáil don chomhar um fhorbairt. Le comhar an Aontais, ba cheart machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun tacú le rialtas Mharacó agus é ag obair chun athchóirithe a mheastar a bheith riachtanach a ghlacadh agus a chur chun feidhme, agus ina iarrachtaí chun iarmhairtí phaindéim COVID-19 a mhaolú. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart do SEGS agus don Choimisiún idirphlé ilghnéitheach polaitiúil agus beartais a shaothrú lena gcontrapháirtithe i Maracó, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta. Agus í go hiomlán ar an eolas faoi ionchais shocheacnamaíocha agus pholaitiúla mhuintir Mharacó maidir lena chlár oibre um athchóiriú a shaothrú agus a chur chun cinn, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé comhar an Aontais le Maracó a fhorbairt i gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil idir an tAontas agus Maracó i mí an Mheithimh 2019, agus ar an gcaoi sin spreagadh nua a thabhairt chun fíorchomhpháirtíocht Eora-Maracach maidir le rathúnas comhroinnte a fhorbairt. I gcomhréir leis an moladh ón gCúirt, ba cheart measúnú leanúnach a dhéanamh ar an gcomhar, chun a éifeachtacht agus a thionchar a bharrfheabhsú.